C/2024/5342

2.9.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5342)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Saale-Unstrut’

PDO-DE-A1275-AM02

Dáta na teachtaireachta: 3 Meitheamh 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar na hathruithe**

a) Tuairisc ar an bhfíon / na táirgí fíniúna agus ar na saintréithe anailíseacha (pointe 2.1 den tsonraíocht roimhe seo, pointe 3.1 anois) agus/nó na hairíonna orgánaileipteacha (pointe 2.2 den tsonraíocht roimhe seo, pointe 3.3 anois)

Liostaíodh neart alcóil nádúrtha íosta ATFC ‘Saale-Unstrut’ faoi phointe ar leithligh (pointe 3.2). Scriosadh meáchan an úrfhíona. Níl aon athrú ann san ábhar.

AN MÉID A CUIREADH LEIS

Liostaíodh na táirgí éagsúla de réir ainm, agus tugadh tuairisc shonrach ar a n-airíonna orgánaileipteacha agus ar na foirmeacha táirgthe a d’fhéadfadh a bheith ann.

AN MÉID A CUIREADH LEIS

‘Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC “Saale-Unstrut” a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.’

b) Críochú an limistéir (pointe 3 den tsonraíocht roimhe seo, pointe 4 anois)

Leasaíodh críochú limistéar ATFC ‘Saale-Unstrut’.

Liostaíodh na bardais aonair, lena n-áirítear na haonaid chadastracha.

Cuireadh isteach na haonaid chadastracha seo a leanas: Kirchscheidungen, Weißenfels agus Wallhausen (Helme) in Saxony-Anhalt, agus, in Thuringia, Bergsulza, Schmiedehausen, Sonnendorf, Weichau i limistéar tuaithe Weimarer Land, Löberschütz, Tümpling i limistéar tuaithe Saale-Holzland-Kreis agus Uhlstädt in Saalfeld-Rudolstadt.

AN MÉID A CUIREADH LEIS

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna a léiríonn na fíonghoirt sna bardais thuasluaite, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Athraíodh foclaíocht na míre maidir leis an bhféidearthacht táirgí a dhéanamh faoi ATFC ‘Saale-Unstrut’. An fhoclaíocht bhunaidh:

‘Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Prädikatswein (fíon ina bhfuil tréith ar leith), Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus Qualitätsperlwein b.A. ‘Ní mór (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) ar a bhfuil an t-ainm cosanta “Saale-Unstrut” a tháirgeadh sa limistéar fáis, i gceann de na stáit chónaidhme ina bhfuil an limistéar fáis suite nó i stát cónaidhme comharsanach.’

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Is mar a leanas atá sé anois:

'Ní mór gach táirge ar a bhfuil an t-ainm cosanta "Saale-Unstrut" a tháirgeadh i limistéar fáis Saale-Unstrut nó i gceann de na stáit chónaidhme seo a leanas: An tSacsain-Anhalt, an Thuringia, Brandenburg, an tSacsain, an Bhaváir, Hessen nó Beirlín.'

c) Cineálacha fíonchaor

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fíonchaor seo a leanas faoi phointe 7 (pointe 8 anois) den tsonraíocht:

Fíonta geala

Auxerrois, Bacchus, Weißer Burgunder, Cabernet Blanc, Chardonnay, Roter Elbling, Weißer Elbling, Faberrebe, Roter Gutedel, Weißer Gutedel, Helios, Hölder, Huxelrebe, Johanniter, Kerner, Kernling, Merzling, Morio Muskat, Muskat Ottonel, Müller-Thurgau, Muscaris, Gelber Muskateller, Roter Muskateller, Ortega, Phoenix, Rieslaner, Roter Riesling, Weißer Riesling, Ruländer, Saphira, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Blauer Silvaner, Grüner Silvaner, Solaris, Roter Traminer, Grüner Veltliner, Villaris.

Fíonta dearga

Acolon, André, Cabernet Cortis, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Jura, Cabernet Mitos, Cabertin, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Merlot, Müllerrebe, Pinotin, Blauer Portugieser, Regent, Rondo, Saint Laurent, Blauer Spätburgunder, Blauer Trollinger, Blauer Zweigelt.

LEASÚ

Cuireadh na focail 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad na bhfocal 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga/ rosé [sic]'.

Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

Rosé Chardonnay, Ehrenfelser, Irsay Oliver, Riesel, Sauvignac, Sauvitage, Souvignier Gris.

Cineálacha fíonchaor dearg:

Cabaret Noir, Satin Noir.

d) Ceanglais infheidhme faoi reachtaíocht/cheanglais an Aontais nó náisiúnta arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC

Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó náisiúnta

Leagadh amach ceanglais bhreise maidir le lipéadú i bpointe 10 (pointe 9 roimhe seo) den tsonraíocht.

BREISEÁIN

Féadfar gnéithe reachtúla d'ainmniúchán a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Baineann na téarmaí traidisiúnta 'Qualitätswein', 'Prädikatswein', 'Sekt b.A.', 'Qualitätsperlwein b.A.' agus 'Winzersekt' leis an ainmniúchán tionscnaimh agus féadfar iad a chur in ionad 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint'.

Thairis sin, soláthraíonn an clár fíonghort liosta d'ainmneacha limistéar, idir fhíonghoirt ar scála mór agus fhíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaithe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú. Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaithe, dáileacht). Sa tSacsain-Anhalt agus sa Thuringia, is í an Oifig um Thalmhaíocht, um Chomhdhlúthú Talún agus um Fhoraoiseacht – Theas a choinníonn ar bun é. In Brandenburg, coinníonn an Aireacht Talmhaíochta, Comhshaoil agus Cosanta Aeráide é. Bunaíodh é agus déantar é a chothabháil ar bhonn na nithe seo a leanas:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Cónaidhme um Fhíon (*Weingesetz*)

— Roinn 29 den Rialachán Cónaidhme um Fhíon (*Weinverordnung*)

— Roinn 10, 'Clár na bhfíonghort a bhunú agus a chothabháil', de Rialachán na Sacsaine-Anhalt lena ndéantar an reachtaíocht maidir le fíon (WeinR-DVO-LSA) an 13 Nollaig 2011 a chur chun feidhme

— Roinn 8, ‘Ainmniúcháin gheografacha a iontráil i gclár na bhfíonghort’, de Rialachán Brandenburg lena ndéantar an reachtaíocht maidir le fíon (WeinRDV-Brandenburg) an 30 Meán Fómhair 2016 a chur chun feidhme

— Roinn 10, ‘Clár na bhfíonghort a bhunú agus a chothabháil’, de Rialachán Thuringian lena ndéantar an reachtaíocht maidir le fíon agus cumhachtaí tarmligthe i réimse dhlí an fhíona (ThürWeinVO-Thür) an 17 Aibreán 2012 a chur chun feidhme

Ní féidir teorainneacha aonad geografach beag a athrú ach le toiliú ón eagraíocht inniúil faoi Roinn 22g den Ghníomh Cónaidhme um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Cónaidhme um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

e) Údaráis rialaithe

Tugadh an fhaisnéis maidir leis na húdaráis rialaithe (pointe 10 den tsonraíocht roimhe seo, pointe 11 anois), go sonrach a sonraí teagmhála faoi phointe 11.1, cothrom le dáta.

LEASUITHE

Ar bhonn faisnéis nua atá ar fáil maidir leis na húdaráis rialaithe sa tSacsain-Anhalt, leasaíodh an méid seo a leanas:

— Seoladh ríomhphoist na hOifige um Thalmhaíocht, um Chomhdhlúthú Talún agus um Fhoraoiseacht – Theas

— Uimhir theileafóin agus seoladh Oifig Faireacháin Tréidliachta agus Bia Burgenlandkreis

— Seoladh agus sonraí teagmhála Oifig [Limistéar Tuaithe Harz] um Chúrsaí Tréidliachta agus um Fhaireachán ar Bhia

— Seoladh agus sonraí teagmhála Oifig [Limistéar Tuaithe Mansfeld-Südharz] um Ghnóthaí Tréidliachta agus um Fhaireachán ar Bhia

— Uimhir theileafóin agus seoladh Oifig Faireacháin Tréidliachta agus Bia Burgenlandkreis

— Ainm na Roinne Gnóthaí Tréidliachta agus Cosanta Sláinte Tomhaltóirí Salzlandkreis

— Seoladh ríomhphoist Oifig na Sacsaine-Anhalt um Chosaint Tomhaltóirí

LEASUITHE

Ar bhonn faisnéis nua atá ar fáil maidir leis na húdaráis rialaithe sa tSacsain-Anhalt, leasaíodh an méid seo a leanas:

— Ainm agus sonraí teagmhála Ionad Oideachais agus Taighde Erfurt don Ghairneoireacht

— Seoladh ríomhphoist na hOifige um Thalmhaíocht, um Chomhdhlúthú Talún agus um Fhoraoiseacht – Theas

— Uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus ainm Oifig Thuringian um Chosaint Tomhaltóirí

— Seoladh ríomhphoist Oifig Faireacháin Tréidliachta agus Bia Jena-Saale-Holzland (comhlachas sainchuspóireach)

LEASUITHE

Ar bhonn faisnéis nua atá ar fáil maidir leis na húdaráis rialaithe sa tSacsain-Anhalt, leasaíodh an méid seo a leanas:

— Seoladh ríomhphoist, uimhir facs, uimhir theileafóin, seoladh agus ainm na hAireachta Talmhaíochta, Comhshaoil agus Cosanta Aeráide

— Seoladh ríomhphoist, uimhir facs, uimhir theileafóin, seoladh agus ainm na hAireachta Gnóthaí Sóisialta, Sláinte, Lánpháirtíochta agus Cosanta Tomhaltóirí

— Sonraí teagmhála údarás limistéar tuaithe Potsdam-Mittelmark

— Chomh maith leis sin, cuireadh an Oifig Stáit um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde, Cosaint Tomhaltóirí agus Sláinte san áireamh.

Leasaíodh cúraimí na n-údarás rialaithe (pointe 10.2 den tsonraíocht roimhe seo, pointe 11.2 anois), toisc gur aistríodh an fhreagracht as údaruithe plandála nua chuig an Oifig Cónaidhme um Thalmhaíocht agus Bia.

Scriosadh an abairt seo a leanas i bpointe 11.2.2 agus i bpointe 13.2.2, 'Seiceáil cáilíochta', den tsonraíocht: 'Déantar seiceáil éigeantach ar gach Qualitätswein, Sekt b.A. agus Qualitätsperlwein b.A.'

f) Eile

AN MÉID A CUIREADH LEIS

Pointe 2 a chur leis, 'Catagóirí táirgí fíniúna'

— Fíon

— Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

— Fíon leathshúilíneach

Thairis sin, rinneadh athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin gach athrú a léiríonn an reachtaíocht atá ann faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht reatha nó tríd an bhfoclaíocht ábhartha a scriosadh.

Sa roinn 'Nasc leis an limistéar' (pointe 9 den tsonraíocht anois), rinneadh na tuairiscí ar na catagóirí 'fíon leathshúilíneach' agus 'fíon súilíneach ar ardchaighdeán' a shoiléiriú agus cuireadh friotal úr orthu. Cuireadh pointe breise isteach freisin i bpointe 9.1.1, 'Tírdhreach agus moirfeolaíocht'.

AN MÉID A CUIREADH LEIS

'Síneann na [fíonghoirt] sin feadh an Ilm ó limistéar Weimar go Bad Sulza ...'.

SOILÉIRIÚ

Cuireadh friotal úr ar abairt i bpointe 9.4.3, an chatagóir 'Fíon leathshúilíneach', den tsonraíocht táirge. Léitear an abairt a leasaíodh roimhe sin mar a leanas: 'Déantar an táirgeadh trí choipeadh nó trí aigéad carbónach inghiniúil a chur leis.' Is mar a leanas a léitear an abairt ar cuireadh friotal úr uirthi: 'Déantar an fíon trí choipeadh, rud a tháirgeann aigéad carbónach inginiúil.'

SOILÉIRIÚ

Cuireadh foclaíocht maidir leis an gcéad choipeadh le pointe 9.4.2, an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán' den tsonraíocht táirge. Go dtí seo, de réir na tuairisce, níorbh fhéidir fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh ach trí bhíthin an dara coipeadh ar an mbunfhíon súilíneach. Ciallaíonn an leasú gur féidir fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh tríd an gcéad choipeadh.

Cuireadh an téarma traidisiúnta 'Clasaiceach' leis.

2. **Cúiseanna leis na hathruithe**

a) Tuairisc ar na fíonta

Liostaíodh an neart alcóil nádúrtha íosta faoi phointe ar leithligh chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire.

Rinneadh na tuairiscí ar na hairíonna orgánaileipteacha níos caolchúisí chun saintréithe an limistéir fáis a léiriú ar bhealach níos fearr.

Baintear úsáid as an gclásal oscailte i Rialachán an Aontais trí neart alcóil iomlán fíonta a tháirgtear gan aon saibhriú a chur leis.

b) Críochú an limistéir

Comhlíonann limistéar ATFC Saale-Unstrut nua-chríochaithe, ina n-áirítear na haonaid chadastracha a cuireadh leis, na ceanglais maidir le leanúnachas críche agus pointí eile de rialacha chomhlachas cosanta ATFC Saale-Unstrut atá ábhartha do sheiceálacha. Rinneadh an próiseas a leagtar síos sna rialacha nós imeachta a chur i bhfeidhm maidir leis na haonaid chadastracha nua a cuireadh isteach freisin. Cinneadh críochú an limistéir ar bhonn na bileoige measúnaithe le haghaidh fíonghort, ar bileog í ar féidir í a fháil ó chomhlachas cosanta ATFC Saale-Unstrut agus ina bhfuil paraiméadair tomhais oibiachtúla chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht fíonsaothrúcháin, ar an suíomh geografach agus stair fíonsaothrúcháin an limistéir atá i gceist.

Rinneadh an críochú, atá bunaithe ar dháileachtaí, a bhunú agus a leagan amach i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha.

Rinneadh na ceanglais maidir le háit táirgthe na dtáirgí a bhfuil ATFC Saale-Unstrut orthu a shonrú ar bhealach níos soiléire agus níos sonraí chun an reachtaíocht reatha a leanúint ó thaobh na foclaíochta de.

c) Cineálacha fíonchaor

Tá na cineálacha fíonchaor nua atá curtha isteach á bhfás sa limistéar le roinnt blianta anuas agus tá a luach cruthaithe acu i dtéarmaí a n-oiriúnachta le haghaidh fíonsaothrúcháin agus na bhfíonta a fhaightear uathu.

d) Ceanglais infheidhme faoi reachtaíocht/cheanglais an Aontais nó náisiúnta arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC

Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó náisiúnta

Ba cheart na forálacha maidir le lipéadú a fhorlíonadh chun aonaid gheografacha níos lú a chumhdach, chun iad a ailíniú leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá na rialacha nua maidir le hainmniúcháin beartaithe chun coincheapa ainmniúcháin sa dlí náisiúnta nach bhfuil faoi chosaint e-Ambrosia a shoiléiriú.

e) Údaráis rialaithe

Ós rud é go bhfuil athrú tagtha ar shonraí teagmhála na n-údarás rialaithe inniúil, b'éigean leasuithe a dhéanamh chun an fhaisnéis cheart a sholáthar.

Tá an ceartú maidir le húdaruithe nua ann chun an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a léiriú. Déantar an abairt a scriosadh chun dúbláil a sheachaint.

f) Eile

Sna leasuithe a rinneadh, leagtar amach na freagrachtaí cearta agus déantar tagairt don chreat dlíthiúil foirmiúil is gá.

B'éigean athruithe eagarthóireachta a dhéanamh chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

Léiríonn an méid breise maidir le fíonsaothrú feadh an Ilm gar do Weimar an staid reatha.

Athraíodh foclaíocht phointe 9.4.3, an chatagóir 'Fíon leathshúilíneach' den tsonraíocht táirge chun na próisis iarbhír a bhaineann le fíon leathshúilíneach a dhéanamh a léiriú.

Cuireadh foclaíocht maidir leis an gcéad choipeadh le pointe 9.4.2, an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán', den tsonraíocht táirge, ós rud é, faoin tuairisc roimhe seo ar an gcatagóir, nach bhféadfaí fíon den sórt sin a tháirgeadh ach le dara coipeadh. Níl sé sin i gcomhréir a thuilleadh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ós rud é gur féidir fíon súilíneach ar ardchaighdeán a dhéanamh freisin leis an gcéad choipeadh anois.

A mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar an roinn 'Nasc leis an limistéar', ní gá leasú ar leibhéal an Aontais a thíolacadh, toisc nach gcuireann siad an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní (cf. Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33).

Cuireadh an téarma traidisiúnta 'Clasaiceach' leis.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Saale-Unstrut

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

3.1. *An cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

— 2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is iondúil go mbíonn na fíonta geala idir thorthaíoch galánta agus chumhachtach ó thaobh carachtair de, agus cumhracht thorthaíoch go spíosrach acu mar aon le dath glas éadrom go buí órga de ghnáth. I roinnt cásanna, déantar na fíonta a thabhairt chun cineáil i mbairillí móra adhmaid nó in *barriques,* i gcomhréir leis an traidisiún. Tugann sé sin airíonna saintréitheacha orgánaileipteacha dóibh i gcomhréir leis an bpróiseas fíonóireachta.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Íosmhéid aigéadachta iomláine (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

2. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), rosé

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath idir dearg éadrom agus dath an bhradáin ar na fíonta rosé agus bíonn siad de chineál éadrom gan chastacht. Bíonn siad leath-thirim den chuid is mó agus déanann siad dea-bholaithe torthaí na gcineálacha fíonchaor dearg a úsáidtear chun iad a dhéanamh a mhacasamhlú den chuid is mó.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

3. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Blanc de Noir

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuireann fíonta ar ardchaighdeán Blanc de Noir blasanna torthaí na gcineálacha fíonchaor dearg a úsáidtear chun iad a dhéanamh in iúl go láidir. Bíonn dath agus blas an fhíona ghil orthu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Saale-Unstrut' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

4. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Rotling

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá cuma fíonta rosé ar fhíonta Rotling, ach is measc de bhlasanna ó na fíonta a chumasctar chun iad a dhéanamh é a mblas. Déantar iad a tháirgeadh i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Saale-Unstrut' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

5. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), dearg

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath idir corcairdhearg agus dúdhearg dorcha an rúibín ar na fíonta dearga de ghnáth, agus iad de chineál éadrom go cumhachtach ó thaobh carachtair de. Ag brath ar na hairíonna orgánaileipteacha inmhianaithe, déantar na fíonta a théamh nó a chur faoin bpróiseas traidisiúnta coipthe maistreáin. Is féidir iad a thabhairt chun cineáil ansin in umair chruach dosmálta, i mbairillí adhmaid nó in *barriques,* rud a thugann airíonna saintréitheacha orgánaileipteacha dóibh i gcomhréir leis an modh fíonóireachta a úsáidtear. Táirgeann sé sin fíonta idir veilbhitiúil agus tathagach a bhfuil struchtúr tainnine iomchuí acu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

6. Prädikatswein Kabinett (fíon ina bhfuil tréith ar leith ‘Kabinett’)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna orgánaileipteacha céanna ag fíon a bhfuil an tréith ar leith ‘Kabinett’ aige agus atá ag fíon ar ardchaighdeán, ach braitear iad go feadh méid i bhfad níos láidre. Tá neart alcóil measartha ag na fíonta sin mar aon le saintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad. Tá aigéadacht bhríomhar úr acu agus tá siad an-fhíonmhar.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

7. Prädikatswein Spätlese (fíon ina bhfuil tréith ar leith ‘Spätlese’)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna saintréitheacha orgánaileipteacha céanna agus atá ag fíon ‘Kabinett’ ag fíon ag a bhfuil tréith ar leith ‘Spätlese’ ach ciallaíonn úsáid fionchár lánaibithe go mbraitear iad go feadh méid i bhfad níos mó. Tá na fíonta sin i bhfad níos casta agus déanann siad macasamhlú ar shaintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad go feadh méid i bhfad níos mó ná fíon ‘Kabinett’, ar fíon é atá comhchosúil leis.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

8. Prädikatswein Auslese (fíon ina bhfuil tréith ar leith ‘Auslese’)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna saintréitheacha orgánaileipteacha céanna ag fíon a bhfuil an tréith ar leith ‘Auslese’ aige agus atá ag fíon ‘Spätlese’, ach ciallaíonn úsáid fíonchaor lánaibithe go ró-aibithe, ach iad a bheith sláintiúil, go mbraitear iad go feadh méid i bhfad níos láidre. Tá na fíonta sin i bhfad níos casta agus déanann siad macasamhlú ar shaintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad go feadh méid níos láidre ná fíon ‘Spätlese’, ar fíon é atá comhchosúil leis.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

9. Prädikatswein Beerenauslese (fíon ina bhfuil tréith ar leith ‘Beerenauslese’)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna orgánaileipteacha céanna ag fíon a bhfuil an tréith ar leith ‘Beerenauslese’ aige agus atá ag fíon ‘Auslese’, ach ciallaíonn úsáid fíonchaor lánaibithe go ró-aibithe, ach iad a bheith sláintiúil, go mbraitear iad go feadh méid i bhfad níos láidre. Tá na fíonta sin i bhfad níos casta agus déanann siad macasamhlú ar shaintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad go feadh méid i bhfad níos láidre ná fíon ‘Auslese’, ar fíon é atá comhchosúil leis.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

10. Prädikatswein Trockenbeerenauslese (fíon ina bhfuil tréith ar leith ‘Trockenbeerenauslese’)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna orgánaileipteacha céanna ag fíon a bhfuil an tréith ar leith ‘Trockenbeerenauslese’ aige agus atá ag fíon ‘Beerenauslese’, ach ciallaíonn úsáid fíonchaor lánaibithe go ró-aibithe, ach iad a bheith sláintiúil, go mbraitear iad go feadh méid i bhfad níos láidre. Tá na fíonta sin i bhfad níos casta agus déanann siad macasamhlú ar shaintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad i bhfad níos láidre ná fíon ‘Beerenauslese’, ar fíon é atá comhchosúil leis

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC ‘Saale-Unstrut’ a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

11. Prädikatswein Eiswein (fíon ina bhfuil tréith ar leith 'Eiswein')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go ginearálta, tá na hairíonna orgánaileipteacha céanna ag fíon a bhfuil an tréith ar leith 'Eiswein' aige agus atá ag fíon 'Auslese', ach ciallaíonn úsáid fíonchaor atá lán aibithe go ró-aibithe, ach iad a bheith sláintiúil go mbraitear iad go feadh méid i bhfad níos láidre. Tá na fíonta sin i bhfad níos casta agus déanann siad macasamhlú ar shaintréithe tipiciúla an chineáil ar an lipéad i bhfad níos láidre ná fíon 'Auslese', ar fíon é atá comhchosúil leis.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Saale-Unstrut' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

12. Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Déanann fíonta Sekt b.A. macasamhlú ar airíonna saintréitheacha orgánaileipteacha na bhfíonta de na cineáil a úsáidtear chun iad a dhéanamh. Seachas cumhracht a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíniúna, bíonn deabholadh aibí ar na fíonta sin a mbíonn tionchar ag na moirt orthu agus bíonn mousse bríomhar fíneálta fíona shúilínigh ann. Féadfar gach próiseas a údaraítear le dlí a úsáid chun fíonta Sekt b.A. a tháirgeadh, ar próisis iad a imríonn tionchar, ina bhfoirm roghnaithe, ar airíonna orgánaileipteacha na bhfíonta. Comhroinneann Winzersekt na hairíonna orgánaileipteacha a leagtar amach thuas.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Saale-Unstrut' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

13. Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn bolgáin de chinéal fíneálta go sainiúil ag fíonta Qualitätsperlwein b.A. agus bíonn siad torthaíoch agus úr. Léiríonn a gcuid dea-bholaithe airíonna orgánaileipteacha na bhfíonta cineáil a úsáidtear chun iad a dhéanamh.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Saale-Unstrut' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15.0 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1. Táirgí iomlána

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Táirgí iomlána

Srianta ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Táirgí iomlána

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Sa tSacsain-Anhalt, cumhdaíonn an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint fíonghoirt in aonaid chadastracha Bad Kösen, Balgstädt, Burgheßler, Burgscheidungen, Burgwerben, Eulau, Freyburg/Unstrut, Gleina, Goseck, Grana, Hirschroda, Karsdorf, Kirchscheidungen, Kleinheringen, Kleinjena, Laucha, Markwerben, Memleben, Mertendorf, Möllern, Müncheroda, Naumburg, Nebra, Nißmitz, Pödelist, Reinsdorf, Schieben, Schkortleben, Schleberoda, Schönburg, Taugwitz, Uichteritz, Weischütz, Weißenfels, Wennungen, Wethau, Wetterzeube, Zeitz, Zeuchfeld agus Zscheiplitz i limistéar tuaithe Burgenlandkreis, Quedlinburg agus Westerhausen i limistéar tuaithe Harz, Beyernaumburg, Lüttchendorf, Neehausen, Seeburg, Unterrißdorf agus Wallhausen (Helme) i gceantar tuaithe Mansfeld-Südharz, Branderoda, Grockstädt, Gröst, Höhnstedt, Klobikau, Langenbogen, Querfurt, Stedten, Steigra, Vitzenburg agus Zappendorf i limistéar tuaithe Saalekreis, agus Gröna agus Könnern i limistéar tuaithe Salzlandrekis.

In Thuringia, cumhdaíonn sé fíonghoirt in aonaid chadastracha Auerstedt, Bad Sulza, Bergsulza, Darnstedt, Denstedt, Großheringen, Hopfgarten, Kaatschen, Kromsdorf, Niedertrebra, Oßmannstedt, Schmiedehausen, Sonnendorf, Wickerstedt agus Weichau i limistéar tuaithe Weimarer Land, Camburg, Dornburg, Dorndorf-Steudnitz, Golmsdorf, Graitschen, Löberschütz, Neuengönna, Orlamünde, Schöngleina, Seitenroda, Tümpling agus Wimarch i limistéar tuaithe Saale-Holzland-Kreis, Bad Blankenburg agus Uhlstädt i limistéar tuaithe Saalfeld-Rudolstadt, Rastenberg i limistéar tuaithe Sömmerda, Großvargula i limistéar tuaithe Unstrut-Hainich-Kreis, limistéir Schöndorf agus Tiefurt in Weimar, agus limistéir uirbeacha Jena agus Erfurt.

Cumhdaíonn sé fíonghoirt freisin in aonaid chadastracha Werder (Havel), Phöben, Plessow agus Neu Töplitz i mbaile Werder (Havel) i limistéir tuaithe Potsdam-Mittelmark de chuid Brandenburg.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna a léiríonn na fíonghoirt sna bardais thuasluaite, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Ní mór táirgí ar a bhfuil an t-ainm cosanta ‘Saale-Unstrut’ a tháirgeadh i limistéar fáis Saale-Unstrut nó i gceann amháin de na stáit chónaidhme seo a leanas: An tSacsain-Anhalt, Thuringia, Brandenburg, an tSacsain, an Bhaváir, Hessen nó Beirlín.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Acolon

André

Auxerrois – Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Blauer Frühburgunder - Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Limberger - Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger - Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt - Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Cabaret Noir

Cabernet Blanc

Cabernet Cortis

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabertin

Chardonnay

Domina

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenfelser

Faberrebe

Gelber Muskateller

Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner

Grüner Veltliner - Veltliner

Helios

Huxelrebe - Huxel

Hölder

Irsay Oliver

Johanniter

Kerner

Kernling

Merlot

Merzling

Morio Muskat

Muscaris

Muskat Ottonel - Muskat-Ottonel

Müller Thurgau - Rivaner

Müllerrebe - Schwarzriesling, Pinot Meunier

Ortega

Phoenix - Phönix

Pinotin

Regent

Riesel

Rieslaner

Rondo

Rosé Chardonnay - Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé

Roter Elbling - Elbling Rouge

Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Fendant Rouge

Roter Muskateller - Muskateller, Muscat, Moscato

Roter Riesling

Roter Traminer - Clevner, Traminer

Ruländer - Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Saint Laurent - St. Laurent, Sankt Laurent

Saphira

Satin Noir

Sauvignac

Sauvignon Blanc - Muskat Silvaner

Sauvitage

Scheurebe

Schönburger

Solaris

Souvignier Gris

Villaris

Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

Weißer Gutedel - Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling – Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

8. **Tuairisc ar na naisc**

8.1.

Dálaí geografacha

Tírdhreach agus moirfeolaíocht

Cuimsíonn limistéar fáis Saale-Unstrut trí stát cónaidhme: An tSacsain-Anhalt, Thuringia agus Brandenburg. Feadh an Unstrut, síneann na fíonghoirt ó Memleben go béal an Saale gar do Großjena, trí Burgscheidungen, Laucha agus Freyburg. Síneann na cinn sin atá ann feadh an Saale ó Bad Kösen in Naumburg go Weißenfels sa tuaisceart agus go Jena, Thuringia, sa deisceart. Síneann na cinn sin atá ann feadh an Ilm ó limistéar Weimar go Bad Sulza, agus tá na cinn atá ann thart ar Höhnstedt gar do Halle suite idir Zappendorf agus Unterrissdorf. Fásann fíonchaora feadh an Elster Bán, ó Kloster Posa i Zeitz go Wetterzeube. In Brandenburg, tá na fíonghoirt atá ann i limistéar Werder (Havel) ina gcuid de limistéar fáis Saale-Unstrut. Tá na fíonghoirt suite go príomha in áiteanna foscúla sna gleannta abhann agus ar an talamh réidh agus ar thalamh fána réidhe in aice láimhe ag airdí idir 100 agus 350 méadar os cionn leibhéal na farraige. Tá aghaidh an chuid is mó de na fánaí fíonsaothrúcháin ó dheas. Tá grádán idir 10 % agus 30 % ag 77 % de na fíonghoirt, agus tá grádán os cionn 30 % ag 18 % díobh.

Geolaíocht

I dtéarmaí geolaíocha, is sna fíonghoirt in Freyburg, Klosterhäseler, i gcodanna de Bad Kösen agus in Thuringia (Bad Sulza, Auerstedt, Kaatschen, Jena go Camburg, Golmsdorf, Weimar), agus thart ar na háiteanna sin, is mó atá ithreacha aolchloiche sliogánacha síondaite. Ag brath ar an méid lóis, bíonn na hithreacha tirim go measartha tais agus iad an-aolmhar, agus uaireanta bíonn cion cloiche an-ard iontu. Is féidir gaineamhchloch bhreac (Großjena, Weißenfels, an Elster Bán, codanna de Bad Kösen), dúrabhán lóis agus sceall copair a bheith ann freisin.

Tosca nádúrtha

Tá an aimsir tipiciúil d'aeráid lena ngabhann tionchair ilchríochacha. Is í 9,6 °C an mheánteocht bhliantúil. Agus é suite faoi fhearthainnscáth Harz, tá leibhéal frasaíochta measartha íseal ag an limistéar: thart ar 500 mm in aghaidh na bliana. Tá líon na n-uaireanta gréine ard: tuairim is 1 686 in aghaidh na bliana. Cruthaíonn gleannta na n-aibhneacha limistéir bheaga leithlisithe teasa, a sholáthraíonn miocraeráid an-chineálta.

Tosca daonna

Fástar na fíonghoirt i limistéir ina bhfuil rochtain ar fáil do tharracóirí agus ar fhánaí géara agus ar léibhinn. Tá treorú treilíse an-choitianta. Ar na léibhinn agus ar na fánaí géara, cuireann an struchtúr mionscála teorainn le húsáid innealra sna fíonghoirt. Sna limistéir léibheannaithe, ní féidir aire a thabhairt do na fíonghoirt ach amháin de láimh uaireanta, rud atá thar a bheith dian ó thaobh saothair de. Eascraíonn fíonta beoga suaithinseacha lena ngabhann cáilíocht ar leith as an aeráid chothromaithe, as an gcineál ithreach, as an mbainistíocht táirgeachta spriocdhírithe agus as lámha oilte na saothróirí fíniúna.

Nasc cúisíoch

Cuimsíonn limistéar fáis Saale-Unstrut stáit chónaidhme na Sacsaine-Anhalt, Thuringia agus Brandenburg. Tá na fíonghoirt suite go príomha in áiteanna foscúla sna gleannta abhann agus ar an talamh réidh agus ar fhána réidh in aice láimhe ag airdí idir 100 agus 250 méadar os cionn leibhéal na farraige. Tá grádán idir 10 % agus 30 % ag formhór na bhfíonghort. Plandaítear thart ar 18 % díobh ar fhánaí géara agus ar léibhinn. Bíonn tionchair ilchríochacha ag an aimsir sa limistéar fáis. Cruthaíonn gleannta na n-aibhneacha limistéir bheaga leithlisithe teasa, rud a sholáthraíonn miocraeráid an-chineálta. Tá na hithreacha comhdhéanta as aolchloch shliogánach, as gaineamhchloch bhreac, as dúrabhán lóis agus as scealla copair, agus sin ag brath ar an suíomh. Mar thoradh ar na dálaí nádúrtha sin agus ar shaothar na saothróirí fíniúna, lena mbaineann traidisiún fada, cinntear carachtar fhíonta limistéar fáis Saale-Unstrut.

Catagóirí táirge

Baineann na naisc atá luaite go dtí seo faoi phointe 9 den tsonraíocht táirge le táirgeadh na mbuntáirgí ó fhíonchaora a bhfuil carachtar difriúil acu mar gheall ar na hithreacha agus leis na modhanna próiseála éagsúla. Tar éis na buainte, aicmítear iad sa ghrád cáilíochta iomchuí i ndáil le táirgeadh fíona.

8.2. *An chatagóir 'fíon'*

Ní mór d'fhíonta na híoscheanglais a leagtar síos i bpointe 3 den tsonraíocht le haghaidh gach catagóire cineáil fíonchaoire a chomhlíonadh, agus féadfar iad a shaibhriú.

Ní mór go gcomhlíonfadh Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3 ar a laghad agus ní ceadmhach iad a shaibhriú. Agus an táirge príomhúil (fíonchaora) atá curtha ar leataobh chun Prädikatswein á shaothrú, féadfaidh an saothróir fíona bearta speisialta cúraim plandaí a úsáid le linn an tséasúir fáis, amhail na dídhuilliú a dhéanamh ar na limistéir fíonchaor nó na fíonchaora a thanú, chun cáilíocht níos fearr, chomh maith le comhdhéanamh níos déine comhábhar san fhíonchaor, a bhaint amach. Ina theannta sin, is féidir le tionchar breise daonna (teicnící siléireála éagsúla, mar shampla) saintréithe a bhronnadh ar an táirge deiridh (Prädikatswein).

8.3. *An chatagóir 'fíon súilíneach ar ardchaighdeán'*

Ní mór go gcomhlíonfadh an buntáirge na critéir a leagtar amach i bpointe 3 den tsonraíocht. Ag brath ar a gcéim fáis agus ar a suíomh, ní mór fíonchaora ó fhíonghoirt roghnaithe, a úsáidtear chun bunfhíon a dhéanamh atá beartaithe chun Sekt a tháirgeadh, a bhuaint níos luaithe ionas go gcoinníonn siad struchtúr aigéid úr Sekt b.A. agus Winzersekt.

Táirgtear an fíon trí bhíthin chéad choipeadh nó dara coipeadh san umar nó sa bhuidéal. I gcás ina ndéantar táirgeadh le modh traidisiúnta an choipthe sa bhuidéal, ní mór an dara coipeadh alcólach sa bhuidéal a dhéanamh ar an táirge chun fíon súilíneach a dhéanamh de. Sa chás seo ní mór an táirge a thabhairt chun cineáil sa bhuidéal ar feadh 9 mí ar a laghad.

8.4. *An chatagóir 'fíon leathshúilíneach'*

Maidir le Qualitätsperlwein b.A., ní mór don táirge na híoscheanglais maidir le Qualitätswein sa réigiún atá i gceist, arb iad na buncheanglais iad a leagtar amach faoi phointe 3.2 den tsonraíocht, a chomhlíonadh. Déantar an fíon trí choipeadh, rud a tháirgeann aigéad carbónach inginiúil

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I dteannta ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Saale-Unstrut' atá ann cheana, ní mór fíon agus táirgí fíona a lipéadú le ceann de na téarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht agus féadfar iad a lipéadú freisin le ceann de na téarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(b) den tsonraíocht.

Ní mór do Qualitätswein, Prädikatswein, Sekt b.A. agus Qualitätsperlwein b.A. pas a fháil i seiceáil cáilíochta oifigiúil (cf. pointí 11.1.2.2, 11.2.2.2 agus 11.3.2.2 den tsonraíocht) chun iad a lipéadú leis na téarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht agus a bhaineann leis an ainmniúchán tionscnaimh sin. Ní mór an uimhir chigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer/ A.P.-Nummer*) a léiriú ar an lipéad.

Féadfar gnéithe reachtúla d'ainmniúchán a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Baineann na téarmaí traidisiúnta 'Qualitätswein', 'Prädikatswein', 'Qualitätsperlwein b.A.' 'Sekt b.A.', agus 'Winzersekt' leis an ainmniúchán tionscnaimh agus féadfar iad a chur in ionad 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint'.

Thairis sin, soláthraíonn an clár fíonghort liosta d'ainmneacha limistéar, idir fhíonghoirt ar scála mór agus fhíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaithe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú. Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaithe, dáileacht). Sa tSacsain-Anhalt agus in Thuringia, is í an Oifig um Thalmhaíocht, um Chomhdhlúthú Talún agus um Fhoraoiseacht – Theas a choinníonn ar bun é. In Brandenburg, coinníonn an Aireacht Talmhaíochta, Comhshaoil agus Cosanta Aeráide é. Bunaíodh é agus déantar é a chothabháil ar bhonn na nithe seo a leanas:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Cónaidhme um Fhíon (*Weingesetz*)

— Roinn 29 den Rialachán Cónaidhme um Fhíon (*Weinverordnung*)

— Roinn 10, 'Clár na bhfíonghort a bhunú agus a chothabháil', de Rialachán na Sacsaine-Anhalt lena ndéantar an reachtaíocht maidir le fíon (WeinR-DVO-LSA) an 13 Nollaig 2011 a chur chun feidhme

— Roinn 8, ‘Ainmniúcháin gheografacha a iontráil i gclár na bhfíonghort’, de Rialachán Brandenburg lena ndéantar reachtaíocht maidir le fíon (WeinRDV-Brandenburg) an 30 Meán Fómhair 2016 a chur chun feidhme

— Roinn 10, ‘Clár na bhfíonghort a bhunú agus a chothabháil’, de Rialachán Thuringian lena ndéantar an reachtaíocht maidir le fíon agus cumhachtaí tarmligthe i réimse dhlí an fhíona (ThürWeinVO-Thür) an 17 Aibreán 2012 a chur chun feidhme

Ní féidir teorainneacha aonad geografach beag a athrú ach le toiliú ó na heagraíochtaí inniúla faoi Roinn 22g den Ghníomh Cónaidhme um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Códhnaidhme um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein